CEACHT **22**

# PEATA

**A:** Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a bhaineann le peataí agus ainmhithe,
m.sh. cat, madra, coinín, bó, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Féach ar an gclár dubh.
An bhfaca tú mo mhála scoile?
**Chonaic mé/Ní fhaca mé** .....etc.

**B. Cloisteáil, Aithint, Aithris**

**Bunchomhrá**

Tá cat óg ag Nuala. Tá sé sa bhosca. Tháinig Máire isteach. Tá Nuala agus Máire ag súgradh leis an gcat.

**Agallamh**

*Nuala:* Féach ar an gcat óg.
*Máire:* Cá bhfuair tú é?
*Nuala:* Thug Mamaí dom é. Nach bhfuil sé go deas.
*Máire:* Tá sé go han-deas. Is maith liom é.

**C. Cleachtadh**

Céard/Cad atá ag Nuala?
Cá bhfuil an cat?
Cé a tháinig isteach?
Céard atá Nuala agus Máire a dhéanamh?

**Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,**
m.sh. Tá **cat óg** ag Nuala/**madra/coinín/bó/éinín,** etc.
Tháinig **Máire** isteach/**mé/tú/sé/sí/fear an phoist/sagart,** etc.

**D. Leathnú**

(a) **Amhrán** (An ceol ar théip)

Ssh! Ssh! Ssh!
An cat beag óg,
Tá sé ina chodladh
Ssh! Ssh! Ssh!

(b) **Scéilín** nó **comhrá ginearálta** faoi pheataí atá ag cuid de na leanaí.